Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2021**
**(OR. en)**

**11385/21**

**JAI 932**
**RELEX 720**
**MIGR 165**
**COASI 123**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11374/3/21 REV 3 |
| Ábhar: | Ráiteas ar an staid san Afganastáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn an ráiteas ar an staid san Afganastáin, a chomhaontaigh an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an gcruinniú a bhí aici an 31 Lúnasa 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS AR AN STAID SAN AFGANASTÁIN**

1. Tháinig Airí Gnóthaí Baile an Aontais le chéile inniu le haghaidh cruinniú urghnách den Chomhairle chun forbairtí san Afganastáin a phlé agus, go sonrach, na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann i réimsí na cosanta idirnáisiúnta, na himirce agus na slándála. Lena thromchúisí atá an staid síor-athraitheach ansin, ní mór don Aontas agus don chomhphobal idirnáisiúnta freagairt dhiongbháilte chomhbheartaithe a thabhairt ar an iliomad gnéithe difriúla.

2. Tugadh tús áite agus leanfar de thús áite a thabhairt d’aslonnú ár saoránach agus, a mhéid ab fhéidir, d'aslonnú náisiúnach Afganastánach agus a dteaghlaigh a chomhoibrigh leis an Aontas agus lena Bhallstáit. I ndáil leis an méid sin, tá dianobair ar siúl chun réitigh spriocdhírithe a shainaithint do na cásanna sonracha atá fós ann de dhaoine atá i mbaol san Afganastáin.

3. Mar thosaíocht láithreach, leanfaidh an tAontas de bheith ag comhordú leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe na Náisiúin Aontaithe agus a ghníomhaireachtaí, maidir le cobhsú an réigiúin agus lena áirithiú go sroicheann an chabhair dhaonnúil na pobail leochaileacha, go háirithe mná agus leanaí, san Afganastáin agus i dtíortha comharsanachta. Chuige sin, cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit dlús leis an tacaíocht airgeadais a thugtar d’eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.

4. Oibreoidh an tAontas le tríú tíortha agus neartóidh sé a thacaíocht dóibh, go háirithe na tíortha comharsanachta agus na tíortha idirthurais, a bhfuil líon mór imirceach agus dídeanaithe á n-óstáil acu, chun a gcumas a neartú i ndáil le cosaint, dálaí glactha díniteacha, sábháilte agus slí bheatha inbhuanaithe a chur ar fáil do dhídeanaithe agus do phobail óstacha. Comhoibreoidh an tAontas freisin leis na tíortha sin chun imirce neamhdhleathach as an réigiún a chosc, chun acmhainn bainistithe teorainneacha a threisiú agus chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc. Chuige sin, ba cheart sainorduithe ghníomhaireachtaí an Aontais a úsáid go hiomlán. Go háirithe, ba cheart don Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn dlús a chur lena hoibríochtaí seachtracha maidir le fothú acmhainneachta tearmainn. Ina theannta sin, mar chuid de na hiarrachtaí foriomlána, d’fhéadfaí tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm athlonnaithe ar bhonn deonach, agus tús áite á thabhairt do dhaoine leochaileacha, amhail mná agus leanaí.

5. Ba cheart tosaíocht a thabhairt don Phlean Gníomhaíochta maidir leis an Afganastáin agus é a athbhreithniú i bhfianaise an ráitis seo agus na gcúinsí athraithe, chun é a dhéanamh níos oibríochtúla. Tá gá le cur chuige oll-Eorpach chun oibriú le comharsana na hAfganastáine le haghaidh a thabhairt ar thionchar an easáitithe sa réigiún. Áitíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún na roghanna uile a mheasúnú maidir leis an gcúnamh airgeadais is gá faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, go háirithe ICFCI [1] agus ionstraimí tearmainn, imirce agus bainistithe teorainneacha.

6. Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh, tá an tAontas agus a Bhallstáit meáite gníomhú go comhpháirteach lena áirithiú nach dtarlóidh gluaiseachtaí imirce neamhrialaithe neamhdhleathacha ar mórscála mar a tharla san am a chuaigh thart, trí fhreagairt chomhordaithe ordúil a ullmhú. Ba cheart dreasachtaí don imirce neamhdhleathach a sheachaint. Ba cheart don Aontas an tacaíocht do na tíortha i ngarchomharsanacht na hAfganastáine a neartú freisin chun a áirithiú go bhfaighidh siad siúd atá i ngátar cosaint leordhóthanach sa réigiún go príomha. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh an chumarsáid aontaithe, chomhordaithe, ní hamháin an chumarsáid sheachtrach ach an chumarsáid inmheánach freisin. Ba cheart feachtais spriocdhírithe faisnéise a sheoladh chun dul i ngleic leis na mbolscaireacht a úsáideann smuigléirí, lena n-áirítear sa timpeallacht ar líne, chun daoine a spreagadh le tabhairt faoi thurais chontúirteacha neamhdhleathacha chun na hEorpa.

7. Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit a ndícheall chun a áirithiú nach dtiocfaidh bagairtí nua slándála ar shaoránaigh an Aontais as an staid san Afganastáin. Ní mór gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfidh réimeas an Talaban deireadh leis na naisc agus na cleachtais uile a dhéantar leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus nach dtiocfaidh an Afganastáin le bheith ina tearmann arís do sceimhlitheoirí agus do ghrúpaí coireachta eagraithe. Bainfidh an tAontas úsáid as na huirlisí ar fad atá aige chun dlúthfhaireachán agus freagairt a dhéanamh i ndáil le forbairtí ar an talamh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a shlándáil, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear maoiniú na sceimhlitheoireachta. Cuirfidh Europol anailís ar fáil ar na rioscaí coiriúla a bhaineann leis an staid san Afganastáin. Is den ríthábhacht an malartú eolais agus faisnéise, i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta, agus le tríú tíortha freisin, agus measúnuithe rialta ar bhagairtí a mhalartú chomh maith leis sin. Tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfaí seiceálacha tráthúla slándála ar dhaoine atá á n-aslonnú as an Afganastáin.

---

[1] ICFCI - an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta.

8. Leanann an tAontas agus a Bhallstáit, le tacaíocht ó Frontex, de bheith meáite ar theorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint go héifeachtach agus ar iontrálacha neamhúdaraithe a chosc. Ba cheart seiceálacha iomchuí slándála a dhéanamh, lena n-áirítear trí úsáid iomlán a bhaint as bunachair sonraí ábhartha an Aontais agus as clárúcháin in Eurodac. Chomh maith leis sin, mar chuid dár gcur chuige cuimsitheach maidir leis an gcomhar seachtrach i ndáil leis an imirce, ba cheart úsáid a bhaint as clásail náisiúnta tríú tír sna comhaontuithe um athligean isteach idir an tAontas agus tíortha idirthurais áirithe i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais dhlíthiúla.

Aithníonn an Chomhairle gur gá tacú leo siúd atá i ngátar agus cosaint leordhóthanach a chur ar fáil dóibh, i gcomhréir le dlí an Aontais agus lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta, agus cleachtais na mBallstát a thabhairt níos gaire dá chéile ó thaobh glacadh agus próiseáil iarrthóirí tearmainn Afganastánacha.

9. Coinneoidh an Chomhairle súil ghéar ar fhorbairtí i réimse na cosanta idirnáisiúnta, na himirce agus na slándála. Tabharfaidh sí freagairt ar aon iarrachtaí a dhéantar teacht i dtír ar an imirce neamhdhleathach chun críoch polaitiúil agus ar bhagairtí hibrideacha eile, lena n-áirítear trí uirlisí nua a fhorbairt. Déanfaidh an Chomhairle dlúthfhaireachán freisin ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí thuasluaite agus áiritheoidh sí go ndéanfar measúnú tráthrialta chun cumas bainistithe géarchéime an Aontais a fheabhsú tuilleadh, ag cur leis na huirlisí atá forbartha cheana. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar comhordú ar gach gné den staid (daonnúil, forbairt, cosaint idirnáisiúnta, imirce, slándáil, beartas eachtrach).